An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

**DPE 022/05/2013** **an 26 Meán Fómhair 2014**
**Ciorclán: 13/2014**

**Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste**

**Chuig: Oifigigh Chuntasaíochta,**
**Oifigigh Airgeadais agus Cinn na hIniúchóireachta Inmheánaí.**

**A Dhuine Uasail,**

**1.** Tá treoir tugtha ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dom tagairt a dhéanamh do chaiteachas cistí poiblí trí eisíocaíocht cistithe deontais chuig gach comhlacht, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, carthanachtaí, nó daoine aonair, cibé go díreach ó Vótaí na Ranna/Oifigí Rialtais nó trí chomhlacht idirghabhála nó sraith comhlachtaí.

**Glacann an ciorclán seo ionad Chiorclán 17/2010 roimhe seo na Roinne Airgeadais.**

***Prionsabail agus Nósanna Imeachta***

**Déantar cur síos sa Chiorclán seo ar na prionsabail, nósanna imeachta, agus riachtanais tuairiscithe breise atá le leanúint nuair atá cistiú deontais ó airgead poiblí á bhainistiú mar aon le hathaicmiú deontas agus deontas i gcabhair. Is é an prionsabal foriomlán gur cheart go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht le tabhairt faoi deara i mbainistíocht an airgid phoiblí, ar aon dul le barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.**

***Bainistíocht an Airgid Phoiblí***

**Baineann forálacha an Chiorcláin le gluaiseacht cistí ó Vóta go dtí comhlacht seachtrach, agus chuig aon/gach gluaiseacht ina dhiaidh sin den chistiú sin. Is é an cuspóir atá ann a chinntiú go bhfuil cistí uile an Státchiste, beag beann ar an modh dáilte, á dtuairisciú agus á mbainistiú go cuí.**

***Deontóirí***

**Ba cheart go mbeadh gach deontóir réamhghníomhach lena chinntiú go gcuirtear na prionsabail agus na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ar bhealach oiriúnach, fónta agus éifeachtach chomh fada is a bhaineann le haon deontais atá arna gcistiú ag an státchiste agus arna mbainistiú ag an Deontóir.**

***Deontuithe***

**Áirítear sa Chiorclán seo ráiteas nua prionsabal do dheontuithe, maidir le soiléire, cothroime, rialachas agus luach ar airgead, an bhainistíocht a dhéanann siad ar chistí poiblí agus cuntasacht na gcistí poiblí sin.**

**Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uacht, Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire**
Government Buildings, Upper Merrion Street, Dublin 2, D02 R583, Ireland
T +353 1 676 7571 LoCall 1890 66 10 10
www.per.gov.ie

**Réamhrá**

**1.** Áirítear an méid seo a leanas sa Chiorclán seo, atá mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar na riachtanais a bhaineann le deontais agus deontais i gcabhair a bhainistiú:

**Roinn 1 - Athaicmiú Deontas agus Deontas i gCabhair**
**Roinn 2 - Prionsabail Dámhachtana Cistithe Deontais**
**Roinn 3 - Bainistíocht Cistithe Deontais - Coinníollacha Ginearálta**
**Roinn 4 - Bainistíocht Cistithe Deontais - Saincheisteanna Vóta**
**Roinn 5 - Freagrachtaí Deontuithe**

## Roinn 1: Athaicmiú Deontas agus Deontas i gCabhair

***Déanfar an cistiú ar fad i gcatagóir na ndeontas agus na ndeontas i gcabhair a athaicmiú mar dheontais, ar aon dul le forálacha an Chiorcláin seo, ag tosú le Meastacháin 2015.***

***2. Deontais agus Deontais i gCabhair***
Is é an príomh-idirdhealú sa phróiseas íocaíochta le haghaidh deontas agus deontas i gcabhair gur gá deontais a íoc bunaithe ar an gcaiteachas deimhnithe agus go ngéilltear aon mhéideanna neamhchaite ag deireadh na bliana don Státchiste. Chomh fada is a bhaineann le deontais i gcabhair, ceadaítear réamhchistiú deontaí, ar bhonn tráthchodanna, ar aon dul leis an ngá léirithe, agus níl aon iarmhéid neamhchaite ag deireadh na bliana de na méideanna eisithe chuig an deontaí, faoi réir géillte.

***3. Athaicmiú Deontas agus Deontas i gCabhair***
Ag cur na gcleachtas reatha a bhaineann le bainistíocht deontas agus deontas i gcabhair san áireamh, an gá atá le luach ar airgead agus cuntasacht i mbainistíocht an airgid phoiblí agus riachtanais ghnó deontóirí agus deontuithe san áireamh, déanfar **gach cistiú deontais,** beag beann ar (i) stádas an deontaí i.e. comhlacht stáit nó eile agus (ii) na modhanna cistithe i.e. go díreach ó Vóta Roinn/Oifig Rialtais nó ar bhonn déabhlóidithe trí chomhlacht nó comhlachtaí idirghabhála, **a aicmiú mar dheontas, ar aon dul le forálacha an Chiorcláin seo, ag tosú le Meastacháin 2015.**

***4. Sainmhíniú ar Dheontas***
I gcomhthéacs an Chiorcláin seo, is foráil airgeadais é deontas, de thionscnamh Vóta, le haghaidh gníomhaíocht nó seirbhís ar leith riartha nó curtha i gcrích ag comhlacht seachtrach, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, carthanachtaí nó daoine aonair. I measc na nithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá deontais chuig Comhlachtaí Stáit chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích agus scéimeanna deontais sonracha atá á reáchtáil ag Ranna nó ag Comhlachtaí eile a bhfuil cistiú státchiste á fháil acu.

### *5. Prionsabail Íocaíochta*

Is é an réamhsheasamh gur cheart deontais a íoc ar bhonn an chaiteachais deimhnithe. Sa chás go bhfuil gá le **réamhchistiú**, áfach, mar shampla i gcás cistithe deontais do Chomhlacht san earnáil phoiblí dá chostais reatha, ní mór réamhcheadú a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Ba cheart don deontóir an réasúnaíocht i gcomhair réamhchistithe a dhoiciméadú agus a chur fáil le haghaidh iniúchóireachta/iniúchta, i dteannta leis na socruithe faireacháin agus rialaithe a bhaineann leis an réamhchistiú. I gcásanna ina bhfuil gá le réamhchistiú ar bhonn leanúnach, ba cheart tagairt a dhéanamh do na socruithe seo sa litir um Cheadú Tarmligthe Bhliantúil ó DPER.

### *6. Prionsabail agus Nósanna Imeachta*

Tá na riachtanais a bhaineann le bainistíocht agus cuntasacht le haghaidh deontas le fáil i **Roinn 3 go 5** thíos. Ba cheart go n-áiritheodh gach deontóir go gcuirtear na prionsabail agus na nósanna imeachta atá luaite sna riachtanais seo i bhfeidhm ar bhealach fónta agus éifeachtach i ndáil le haon deontais a thagann faoina sainchúram. Ní mór do dheontóirí cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh lena áirithiú go bhfuil na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh deontas oiriúnach do na coinníollacha áitiúla san earnáil ina bhfuil siad ag feidhmiú, agus san am céanna, bainistíocht agus cuntasacht éifeachtach an airgid phoiblí a áirithiú.

### *7. Íocaíochtaí Idirghabhála*

Áirítear mar chuid de dheontais áirithe athghluaiseacht cistí ón Státchiste chuig an deontaí trí Chomhlacht nó Comhlachtaí idirghabhála. I gcásanna den sórt sin, ba cheart líon na n-idirghabhálaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

## Roinn 2: Prionsabail Dámhachtana Cistithe Deontais

**8.** Tá Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014 – 2016 tiomanta do dhearadh agus do sheachadadh seirbhísí níos fearr agus níos costéifeachtúla trí úsáid a bhaint as samhlacha nuálacha seachadta. Gealltar sa Phlean go gcuirfear cistí ar fáil le haghaidh torthaí sainithe d'úsáideoirí seirbhíse agus nach leanfar leis an gcóras traidisiúnta blocdheontas. Tá an cur chuige seo ailínithe le Cód Caiteachais Phoiblí[1] freisin.

**9.** Ba cheart do Chomhlachtaí Poiblí a bhfuil deontais á ndámhachtain acu, go háirithe deontais níos mó do sheirbhísí pearsanta agus sóisialta, tús áite a thabhairt do dhámhachtain deontas do na hiarratasóirí sin ar féidir leo fianaise a thabhairt ar na torthaí is fearr do na húsáideoirí deiridh. Spreagtar deontóirí chun léirithe spéise a lorg ó sholáthraithe seirbhíse le haghaidh leithdháiltí deontais, áit ar cuí. In imthosca ina bhfuil deontais le leithdháileadh ar bhonn iomaíoch, ba cheart do dheontóirí na torthaí réamh-mheasta, éifeachtúlacht an chur chuige beartaithe, an fhianaise ar fad a bhaineann le héifeachtúlacht agus réamhfheidhmíocht gach iarratasóra a mheas, agus cinntí ar bhonn fianaise a dhéanamh chun deontais a leithdháileadh. Ba cheart do dheontóirí taifead a choinneáil ar an bpróiseas seo.

1 http://publicspendingcode.per.gov.ie/b-01-standard-appraisal-steps/

## Roinn 3: Bainistíocht Cistithe Deontais - Coinníollacha Ginearálta

**10.** Ba cheart do dheontóirí a chinntiú go bhfuil réimeas éifeachtach maoirseachta cistithe deontais i bhfeidhm, a chuireann an méid seo a leanas, go háirithe, san áireamh de réir mar is cuí:

***(a) Cuspóir***
Tá soiléire ann maidir le cuspóir an deontais, ar cheart é a áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha/socruithe deontais.

***(b) Téarmaí agus Coinníollacha***
Ba cheart don deontóir na téarmaí agus na coinníollacha faoina n-eiseofar an t-airgead a chur in iúl don deontaí lena áirithiú go dtuigeann an deontaí na freagrachtaí atá air. Cuirfear cuspóir an chistithe in iúl go soiléir don deontaí - tuarastail, oiliúint, taighde, caidreamh poiblí/fógraíocht, seirbhísí líne thosaigh etc. Ba cheart go léireofaí sna téarmaí agus coinníollacha seo, de réir mar is cuí, gur coinníoll a bhaineann leis an gcistiú go mbeadh an ***Ráiteas Prionsabal do Dheontuithe*** - Féach Aguisín 2, á chomhlíonadh ag deontuithe.

***(c) Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA)***
I gcás na ndeontas atá á gcur ar fáil ag Ranna do Chomhlachtaí nó Gníomhaireachtaí a bunaíodh chun tascanna sonracha a chur i gcrích, ba cheart comhaontú a bhunú idir an Roinn agus an Comhlacht ina leagtar amach sonraí na n-acmhainní atá á gcur ar fáil ag an Roinn agus na haschuir atá le baint amach ag an gComhlacht.[2] Is í an Roinn atá freagrach as ábhar agus fairsinge an chomhaontaithe ag féachaint do nádúr an deontais, agus beidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara sna comhaontuithe ag brath ar mhéid agus ar chastacht oibríochtaí an Chomhlachta. Má mheastar gur cuí, is féidir an tsamhail seo a úsáid idir deontóir agus deontaí ag aon leibhéal de shlabhra cistithe an Státchiste

Sa chás go bhfuil Roinn/Oifig páirteach i gcomhaontú ildeontóra, e.g. áit nach í an Roinn/Oifig an t-údarás maoirseachta, b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta comhaontú leibhéal seirbhíse a éileamh, ach ba cheart go mbeadh an Roinn/Oifig sásta go bhfuil socruithe oiriúnacha faireacháin agus rialaithe i bhfeidhm.

[2] Aithnítear sa chás go bhfuil airgead á thabhairt do chomhlacht nó do thionscadal faoi shocrú ildeontóra, ranníocaíochtaí measta, comhaontuithe idir-rialtasacha nó meicníochtaí cistithe eile sa chás nach é an Vóta deonaithe an t-údarás maoirseachta, nach bhfuil sé indéanta go mbeadh SLA á éileamh le haghaidh an Vóta sin. Tá cuntasaíocht don chineál seo cistithe á rialú ag struchtúir rialachais domhanda agus ag socruithe eile agus ba cheart brath orthu seo in ionad comhaontuithe leibhéal seirbhíse. Ba cheart go n-áireofaí iontu seo an Vóta Maoirseachta ag cóipeáil a SLA chuig Vótaí cistithe eile.

Áirítear i measc na bparaiméadar ginearálta le haghaidh comhaontú leibhéal seirbhíse:

1. ***Róil*:** sonraigh róil na Roinne / Oifige agus Comhlachta;
2. ***Aschuir*:** aithin na seirbhísí atá le seachadadh - ba cheart aschuir shoiléire intomhaiste a shonrú agus ba cheart an toradh inmhianaithe a shonrú;
3. ***Cistiú*:** aithin na socruithe cistithe, lena n-áirítear an próiseas le haghaidh íostarraingt cistithe;
4. ***Athbhreithniú*:** bunaigh uainiú agus modheolaíocht an athbhreithnithe ar fheidhmíocht i gcomparáid leis na haschuir agus leis na torthaí sonraithe sa chomhaontú;
5. ***Teip Seachadta*:** aithin na nósanna imeachta a nglacfar leo sa chás nár sheachaid an Comhlacht na haschuir atá sonraithe sa chomhaontú, lena n-áirítear aisghlámadh deontais nó fritháirimh in aghaidh an leithdháilte todhchaí;
6. ***Riachtanais Iontaofachta*:** Aithin riachtanais iontaofachta, e.g. cuntais iniúchta bliantúla nó dearbhú bliantúil lena ndeimhnítear go bhfuil na coinníollacha ar fad comhlíonta agus go bhfuil an tseirbhís / na haschuir riachtanacha seachadta. Ba cheart go gcuirfí riachtanais ábhartha rialachais san áireamh i riachtanais iontaofachta, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus comhlíontacht le beartas soláthair phoiblí agus beartas pá, mar shampla.

***(d) Faireachán agus Tuairisciú***

Ba cheart do dheontóirí socruithe a bhunú le haghaidh cineál agus minicíocht oiriúnach tuairiscithe airgeadais agus feidhmíochta, le rochtain ar thaifid ábhartha atá á gcoinneáil ag an deontaí lena n-áirítear próifílí caiteachais, próifílí airgid thirim, cuntais bhainistíochta rialta agus cuntais iniúchta bliantúla, de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh deimhniú iontaofachta atá sínithe ag an bhfoireann bainistíochta (go ginearálta beirt daoine atá páirteach san fhoireann bainistíochta nó ball boird, mar shampla) leis na tuairiscí seo, ag deimhniú gur úsáideadh an t-airgead poiblí dáfa de réir théarmaí agus choinníollacha an deontais. In eagraíochtaí beaga, ina bhfuil bainisteoir amháin, glacfar le síniú ó dhuine amháin den fhoireann bainistíochta. Is féidir leis an deontaí a ainm a chur leis an gcistiú leis an deontóir, i ndiaidh cruthúnas inghlactha a sholáthar a thugann le fios gur caitheadh na cistí go cuí.

***(e) Iniúchadh***

Ba cheart do dheontóirí a áirithiú go gcuirtear an méid seo a leanas in iúl don deontaí:

- Tá sé faoi oibleagáid na leabhair agus na cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, áit a dtagann 50 faoin gcéad nó níos mó dá n-ioncam iomlán ó Chistí Státchiste,
- Tá de cheart ag deontóirí taifid an deontaí a iniúchadh.

*(f)* ***Íocaíocht***

Is é an réamhsheasamh gur cheart deontais a íoc ar bhonn **an chaiteachais deimhnithe.** Ní mór do dheontuithe a bhfuil éilimh á ndéanamh ar chistiú deontais acu ar bhonn an chaiteachais dheimhnithe, an méid seo a leanas a shonrú dá ndeontóirí:

- na sonraisc a úsáideadh chun tacú leis an áitiú go mbaineann na héilimh atá á ndéanamh acu le gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na scéime deontais,
- tá na méideanna atá luaite ar shonraisc íoctha,
- níor úsáideadh agus ní úsáidfear na sonraisc mar chuid d'éileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile (seachas mar a ndéantar foráil dó i socruithe comhaontaithe comhchistithe).

*(g)* ***Réamhíocaíocht***

Teastaíonn ceadú ó DPER le haghaidh scéimeanna deontais réamhchistithe agus ba cheart go n-áireofaí in iarrataí ceada an réasúnaíocht agus socruithe faireacháin, mar shampla, i gcás cistithe deontais do Chomhlacht dá chostais reatha, ba cheart do dheontóirí an réasúnaíocht le haghaidh réamhchistithe a dhoiciméadú agus é a chur ar fáil le haghaidh iniúchóireachta/ iniúchta, i dteannta leis na socruithe faireacháin agus rialaithe a ghabhann leis an réamhchistiú. Ba cheart go mbeadh íocaíochtaí ailínithe le riachtanais airgid an deontaí agus na costais tabhaithe.

*(h)* ***Ní dhéanfar Íocaíocht Uathoibríoch***

Agus aird cuí á tabhairt ar na forálacha i mír (i) thíos, níor cheart íocaíochtaí a dhéanamh le deontaí ach amháin nuair atá siad dlite, ar aon dul leis na téarmaí agus coinníollacha/SLA ábhartha. Má bhíonn ró-íocaíocht deontais i gceist, ba cheart aisíocaíocht a fháil.

*(i)* ***Coinneáil iarmhéideanna dheireadh na bliana***

D'fhéadfadh go mbeadh réamhchistiú mar bhonn le hiarmhéideanna d'airgead deontais a bheith neamhchaite ag deireadh na bliana. Le cead an deontóra (ar bhonn chead DPER), is féidir leis an deontaí na hiarmhéideanna seo, nó cuid de na hiarmhéideanna seo, a choinneáil más gá chun riachtanais airgeadais atá gan íoc a chomhlíonadh. Ba cheart iarmhéideanna den sórt sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus a chur san áireamh nuair a bhíonn an deontas a bheidh ann an bhliain seo chugainn á bhreithniú.

*(j)* ***Deontais Aonuaire***

Is féidir le heagraíochtaí, grúpaí pobail, carthanachtaí, cuideachtaí agus daoine aonair cúnamh airgeadais aonuaire a fháil faoi scéimeanna deontais áirithe má chomhlíonann siad na critéir cháilitheachta sula gcuirtear cistiú ar fáil. Ba cheart go mbeadh teorainn leis an méid airgid thirim atá luaite le scéimeanna den sórt sin chun ró-shuibscríobh a sheachaint, ach amháin más féidir le hOifigeach Cuntasaíochta an Vóta ábhartha fírinniú a sholáthar maidir le cén fáth nach raibh uasteorainn airgid thirim oiriúnach.

*(k)* ***Riachtanais Riaracháin agus Rialaithe***

Ba cheart go mbeadh an deontóir sásta go bhfuil córas cuntasaíochta agus socruithe eagraíochtúla an deontaí oiriúnach, ag cur leibhéal íocaíocht an deontais san áireamh, chun riar cuí an airgid a chinntiú.

*(l)* ***Ilchistiú***

Sa chás go bhfuil cistiú á chur ar fáil mar chuid de shocrú comhchistithe, éilítear ar dheontuithe dearbhú a sholáthar do gach deontóir gach bliain, mar choinníoll den deontas, maidir le foinse, méid agus cuspóir gach cistiú eile a fhaigheann siad agus dearbhú nach mbeidh aon dúbláil cistithe le haghaidh na gníomhaíochta/an tionscadail chéanna. Ba cheart a shonrú sa dearbhú seo freisin má sháraíonn an cistiú Státchiste ó gach foinse 50% den ioncam iomlán.

*(m)* ***Athíocaíochtaí deontas***

Má tá sé beartaithe ag an deontaí athdheontais a dhéanamh ón gcistiú faighte óna dheontóir féin, ba cheart sonraí maidir leis na hathdheontais seo agus a faighteoirí/faighteoirí beartaithe a chur ar fáil don deontóir, mar aon le sonraí faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na hathíocaíochtaí seo.

*(n)* ***Infheistíocht Stáit a Chosaint***

Níor cheart do dheontuithe sócmhainní atá á gcistiú ag airgead poiblí a dhiúscairt roimh réamhchead na Roinne/na hOifige Rialtais ábhartha a fháil ar bhonn na Roinne Vóta ábhartha in DPER.

## Roinn 4:  Bainistíocht Cistithe Deontais - Saincheisteanna Vóta

***Tá gach deontas á thionscnamh ó Vóta Roinn nó Oifig rialtais agus, dá réir sin, eascraíonn saincheisteanna uaidh maidir le Bainistíocht Vóta agus na Cuntais Leithghabhála.***

***11.  Raon Vóta***
Sa chás go n-áirítear deontas i Vóta, ba cheart é seo a léiriú i raon an Vóta - mar shampla,

*Meastachán den mhéid a theastaíonn sa bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus do speansais le haghaidh Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe riartha ag Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc.*

Má áirítear deontais **teoranta airgid thirim** sa Vóta, ba cheart é seo a shonrú sa raon freisin. [Ciallaíonn an téarma 'airgead tirim theoranta' go mbeidh na cistí atá ar fáil le haghaidh scéim ar leith don bhliain teoranta don mhéid airgid thirim sonraithe i leithdháileadh na Meastachán agus, dá réir sin, beidh teidlíocht ar íocaíocht faoin scéim ag brath ar chistí a bheith ar fáil]:

*Meastachán den mhéid a theastaíonn sa bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus do speansais le haghaidh Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le haghaidh seirbhísí áirithe riartha ag Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc lena n-áirítear deontais faoi scéimeanna teoranta airgid thirim.*

***12.  Vírmint***
Níor cheart glacadh leis go mbeidh coigilteas á úsáid ar fho-cheannteideal amháin chun caiteachas ar fho-cheannteideal eile a mhéadú, trí Vírmint, ag tarlú sa ghnáthchúrsa. Ní mór do DPER Vírmint a réamhcheadú.

***13.  Fo-cheannteideal***
Ba cheart go mbeadh Clár agus Fo-cheannteideal oiriúnach sa Vóta.

***14.  Deontuithe Iolracha***
Sa chás go bhfuil íocaíochtaí ó dheontas chuig líon gníomhaireachtaí/comhlachtaí difriúla i gceist, d'fhéadfadh go mbeadh an deontas iníoctha le cuntas ainmnithe atá á riar ag an Roinn i gceist óna ndéantar íocaíochtaí in am trátha. Ba cheart i gcónaí go mbeadh aidhm an chuntais seo sonraithe i gCuntas Leithghabhála an Vóta ábhartha, agus go mbeadh na sonraí cuntais iarcheangailte leis.

***15. Iniúchóireacht***

Sa chás go bhfuil moladh á dhéanamh ag Roinn go gcruthófar deontas nua agus nach é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchóir, ba cheart don Roinn sin, nuair a bhíonn an moladh á chur faoi bhráid DPER, cúiseanna a thabhairt maidir leis an gcúis gurb amhlaidh atá.

***16. Dliteanais Aibithe***

Baineann feidhm le rialacha cuntasaíochta maidir le dliteanais aibithe i ndáil leis an airgead vótáilte ar fad, lena n-áirítear íocaíochtaí ó fho-cheannteidil deontais. I gcás cistithe deontais, tá íocaíocht dlite nuair atá an íocaíocht deontais formheasta go hiomlán agus próiseáilte de réir an chomhaontaithe ar leith nó téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais agus nuair atá na coinníollacha ar fad comhlíonta ag an deontaí.

Chun sláine an Chuntais Leithghabhála a áirithiú, ba cheart gach íocaíocht dlite (i.e. dliteanais aibithe) a réiteach leis an deontaí ag deireadh na bliana agus níor cheart íocaíochtaí le deontuithe nach bhfuil aibithe (i.e. nach bhfuil dlite le híoc faoi na socruithe nó téarmaí cistithe deontais agus coinníollacha scéim deontais) a thabhairt ar aghaidh chuig an tréimhse chuntasaíochta reatha. Tabhair faoi deara freisin, nach mór gach dliteanas aibithe a chomhlíonadh fiú má tá baol ann go mbeidh vóta barrachais á thabhú.

***17. Buiséid Oibre***

Mar réamhobair roimh éilimh mheastachán a ullmhú gach bliain, ba cheart buiséad oibre le haghaidh gach Comhlacht Stáit atá faoi scáth Roinne, a chumhdaíonn a bpríomhghníomhaíochtaí, a fhoilsiú san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe mar Ráiteas Gníomhaireachta.

***18. Ceaduithe DPER***

Ní mór go mbeadh scéimeanna réamhchistithe réamhcheadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar réamhobair roimh chistiú a fháil agus i ráiteas chuig DPER, ba cheart do Ranna agus d’Oifigí scéimeanna a aithint atá le réamhchistiú agus ag a bhfuil ráiteas ina sonraítear go mbeidh feidhm le socruithe caiteachais geallta i ndáil le gach scéim eile. Ba cheart go mbeadh na socruithe seo léirithe sa Cheadú Tarmligthe Bhliantúil ó DPER.

***19. Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais***

Ba cheart go mbeadh léargas á thabhairt ar riachtanais an Chiorcláin seo, de réir mar is cuí, sna córais de rialú inmheánach airgeadais, tuairisciú riaracháin agus bainistíochta agus san iniúchóireacht inmheánach atá á clúdach ag an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais.

## Roinn 5: Freagrachtaí an Deontaí

**20. *Tuairisciú*:**

Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas

- (i) ina iomláine i ndáil le deontuithe a chuireann tuarascáil agus cuntais bhliantúla ar fáil
- (ii) a mhéid is indéanta (agus roimh) i gcás na ndeontas aonuaire a dtagraítear dóibh in Roinn 3, mír 11(j) de réir mar a theastaíonn riachtanais tuairiscithe sa phróiseas iarratais;
- (iii) tá feidhm leo a mhéid is indéanta i ndáil le deontuithe eile[3]

***Ráitis Airgeadais***

Ba cheart do dheontuithe a gcuntais iniúchta a chur faoi bhráid an deontóra gan mhoill i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais. Sa chás go bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta sásta, glactar le ráitis airgeadais oiriúnacha mar mhalairt (e.g. sa chás nár ullmhaíodh cuntais iniúchta). Ní mór d'Oifigeach Cuntasaíochta, sa chás seo, ráiteas maidir le comhlachtaí den sórt sin a ullmhú agus breac-chuntas a thabhairt ar a leibhéal caiteachais, an réasúnaíocht a bhain le cuntais a fhágáil gan iniúchadh agus ceadú DPER a lorg. Maidir le Gníomhaireachtaí Stáit, féach ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh eolais faoi uainiú agus rialacha eile a bhaineann le cuntais a thaisceadh.

***Nithe nach mór do dheontuithe a thuairisciú ina ráitis airgeadais;***

***(a) Ainm an Deontóra***

Ainm an deontóra, sonraigh an teideal beacht atá le húsáid sa tuarascáil (e.g. an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte etc.). Sa chás nach Roinn Rialtais í an ghníomhaireacht a bhfuil an deontas á tabhairt aici e.g. Pobal, ní mór an Roinn Rialtais urraíochta a thaifeadadh freisin.

***(b) Ainm an Deontais***

Ainm iarbhír an chláir deontas e.g. Clár Forbartha Uisce Tuaithe.

***(c) Cuspóir an Deontais***

Maidir le Roinn 3, mír 11 thuas, an cuspóir lena bhfuil na cistí á gcur i bhfeidhm faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Pá agus riarachán ginearálta
- Soláthar seirbhíse / gníomhaíocht charthanach
- rudaí eile sonraithe, lena n-áirítear caiteachas cosúil le fógraíocht, sainchomhairleoireacht

[3] Cuireann sé seo san áireamh nach mbeidh ach ráitis airgeadais agus admhálacha bunúsacha ar fáil ag grúpaí pobail agus deonacha beaga chun tuairisciú a bhunú orthu

**(d)** ***Cuntasaíocht do Dheontais:***

(i) Méid agus téarma an deontais iomláin dáfa;

(ii) Méid an deontais curtha san áireamh faoi ioncam sna ráitis airgeadais reatha;

(iii) Sa chás nach ionann (ii) thuasluaite agus an t-airgead tirim faighte sa tréimhse airgeadais ábhartha, tábla ina léirítear:

(a) An deontas curtha san áireamh faoi ioncam sa tréimhse

(b) An t-airgead tirim faighte sa tréimhse, agus

(c) Aon mhéideanna deontais iarchurtha nó dlite ag deireadh na tréimhse.

***(e) Deontais Chaipitil***

An méid airgid curtha ar fáil agus na coinníollacha/garspriocanna a úsáidtear i ndáil le tráthchodanna reatha agus todhchaí. Chomh maith leis sin, ba cheart go soláthródh deontuithe gealltanas go bhfuil infheistíocht an Stáit cosanta agus nach n-úsáidfear í mar urrús le haghaidh aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an mháthair-Roinn agus ceadú DPER a fháil.

***(f) Fostaithe***

Sa tábla atá ag gabháil leis an tuarascáil, bhí líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaí (gan costais pinsean fostóra a chur san áireamh) don tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 agus níos airde agus figiúr foriomlán le haghaidh na ranníocaíochtaí iomlána do phinsean fostóra. (Tá sé seo i gceist fiú mura bhfuil tuarastail á gcistiú ag an Státchiste).

***(g) Srianta***

Cibé an bhfuil nó nach bhfuil agus conas atá srian ar úsáid an deontais (i.e. le haghaidh tionscadal ar leith, nó le haghaidh seachadadh seirbhíse)

***(h) Imréiteach Cánach***

Cibé an bhfuil nó nach bhfuil comhlíontacht le tabhairt faoi deara le Ciorcláin ábhartha, lena n-áirítear Ciorclán 44/2006 "Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach, Deontais, Fóirdheontais agus Cineálacha Cosúla Íocaíochtaí".

***21. Ilfhoinsí Cistithe***

Sa chás go bhfaigheann deontaí cistí ó níos mó ná gníomhaireacht déanta deontas amháin, féach ar Roinn 3, mír 11(l) thuas maidir le riachtanais tuairiscithe.

***22. Comhlachtaí Stáit***

Sa chás gur ann do chomhaontú leibhéal seirbhíse mar atá thuasluaite, agus sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, idir Roinn agus Comhlacht, ní mór don Chomhlacht sin a dheimhniú don Deontóir go bhfuiltear ag cloí le téarmaí an chomhaontaithe sin.

*23. Caiteachas Deimhnithe*

Ní mór do dheontuithe a bhfuil éilimh á ndéanamh ar chistiú deontais acu ar bhonn an chaiteachais dheimhnithe, an méid seo a leanas a shonrú go foirmiúil dá maoinitheoirí:

- na sonraisc a úsáideadh chun tacú leis an áitiú go mbaineann na héilimh atá á ndéanamh acu le gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na scéime deontais,
- tá na méideanna atá luaite ar shonraisc íoctha, agus
- níor úsáideadh agus ní úsáidfear na sonraisc mar chuid d'éileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile (seachas mar a ndéantar foráil dó i socruithe comhaontaithe comhchistithe)

*24. Rialú Airgeadais*

Ba cheart go mbeadh deontuithe in ann a dheimhniú go bhfuil córais rialaithe airgeadais fónta bunaithe acu chun cistí dáfa a bhainistiú.

*25. Comhlíontacht Earnála*

Níl riachtanais Reachtúla reatha nó earnála á sárú ag riachtanais an Chiorcláin seo.

**Mise le meas,**

**David Moloney,**
**Rúnaí Cúnta,**
**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.**

**Barúlacha, Breathnóireachtaí, Fiosrúcháin**

Fáiltíonn Roinn Cuntasaíochta an Rialtais roimh fhiosrúcháin nó aon bharúlacha nó breathnóireachtaí cuiditheacha a d'fhéadfadh a bheith agaibh maidir le cur chun feidhme an Chiorcláin seo ag – seoladh ríomhphoist: govacc@per.gov.ie. Luaigh **- Ciorclán 13/2014 -** i líne ábhair do ríomhphoist. *Cuntasaíocht Rialtais, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Suíomh Gréasáin: www.govacc.per.gov.ie*

**Aguisín 1a: Seicliosta léiritheach do Dheontóirí. Níl an seicliosta uileghabhálach. Ba cheart do bhainisteoirí deontas a machnamh a dhéanamh ar sheicliosta cuimsitheach a bhunú atá ábhartha don chistiú deontais atá á bhainistiú acu.**

| **Seicliosta Deontóra** ✓ | | | |
|---|---|---|---|
| ***Ciorclán 13/2014*** | **T / N<br>N/B** | ***Gníomhaíocht ag Teastáil?*** | **Tag.** |
| **Freagrachtaí riaracháin**<br>An mbeidh an deontas réamhchistithe nó bunaithe ar chaiteachas deimhnithe agus an bhfuil an ceadú eisithe le haghaidh scéimeanna réamhchistithe? | | | 6, 11(f)-(i), 19, 24 |
| An bhfuil cásanna doiciméadaithe ag an deontóir ina bhfuil roinnt leibhéal de chistiú idirghabhálaí? | | | 8 |
| An bhfuil raon an Vóta ceart? | | | 12 |
| An bhfuil an deontas faoi uasteorainn airgid thirim? | | | 12 |
| An bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm le haghaidh bhainistíocht an chuntais chun deontuithe iolracha a íoc? | | | 15 |
| Sa chás nach é CA&G an tIniúchóir, an bhfuil nóta iarcheangailte leis an Vóta? | | | 16 |
| **Maoirseacht**<br>An bhfuil comhaontú soiléir ann leis an deontaí maidir le cuspóir an deontais? | | | 11(a) |
| An bhfuil an deontaí ar an eolas faoi na téarmaí faoina n-eisítear an t-airgead? | | | 11(b) - 11(n) |
| An bhfuil comhaontú leibhéal seirbhíse/seachadta bunaithe le deontaí áit ar cuí? | | | 11(c) |
| An bhfuil réimeas éifeachtach tuairiscithe i bhfeidhm? | | | 11(d), 11(k) |
| An dtuigeann an deontaí gur féidir leis an deontóir a thaifid a iniúchadh? | | | 11(e) |
| An bhfuil na dliteanais aibithe oiriúnacha ar fad íoctha? | | | 17 |

**Aguisín 1b: Seicliosta léirithe do Dheontuithe - Níl an seicliosta uileghabhálach. Ba cheart d'fhaighteoirí deontas a machnamh a dhéanamh ar sheicliosta cuimsitheach a bhunú atá ábhartha don chistiú deontais a bhfuil siad cuntasach as.**

| **Seicliosta Deontaí** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Ciorclán13/2014*** | **T / N N/B** | ***Gníomhaíocht ag Teastáil?*** | **Tag** |
| **Meastacháin Bhliantúla**<br>An bhfuil buiséid bhliantúla oibre le haghaidh Gníomhaireachtaí Stáit curtha ar fáil? | | | 18 |
| **Tuarascálacha Bliantúla**<br>An bhfuil cuntais dheireadh na bliana nó ráitis airgeadais de réir mar is cuí curtha ar fáil do gach deontóir?<br>An bhfuil an deontaí, má tá sé páirteach i socrú comhchistithe iolraigh, tar éis gach deontóir a chur ar an eolas má sháraíonn cistiú státchiste 50% d'ioncam? | | | 21<br>22 |
| **Comhlíontacht**<br>An bhfuil an cistiú ar fad in úsáid don chuspóir beartaithe?<br>An bhfuil deimhniú Imréitigh Cánach reatha ar fáil áit ar cuí?<br>Maidir le Gníomhaireachtaí Stáit, an bhfuil dearbhú maidir le cloí le haon chomhaontú leibhéal seirbhíse san áireamh leis na tuarascálacha?<br>An bhfuil riachtanais chomhlíontachta ann maidir leis an gcaiteachas deimhnithe?<br>An bhfuil córas rialaithe airgeadais fónta bunaithe?<br>An bhfuil dearbhú tugtha go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte earnáilsonracha / reachtaíocht? | | | 21(g)<br>21(h)<br>23<br>24<br>25<br>26 |

**Aguisín 2**

## Ráiteas Prionsabal do Dheontuithe

**An bhfuil cistiú poiblí á fháil agat?**

**Déantar cur síos sa Ráiteas seo ar na *4* phrionsabal a bhfuil feidhm leo i gcás comhlachtaí a bhfuil cistiú deontais á fháil acu atá á chur ar fáil go díreach nó go hindíreach ó fhoinsí Státchiste.**

**Soiléire**

**Rialachas**

**Luach ar Airgead**

**Cothroime**

***Ba cheart aird gach comhlachta a bhfuil deontas á fháil aige a tharraingt ar an Ráiteas seo***

**Má tá Cistiú Poiblí á fháil agat**

| | |
|---|---|
| **Soiléire**<br><br>Ba cheart go dtuigfeá cuspóir agus coinníollacha an chistithe agus na haschuir riachtanacha<br><br>Ná húsáid cistiú ach le haghaidh na gcuspóirí gnó lenar cuireadh ar fáil iad<br><br>Ná déan iarratas ar íostarraingt cistithe ach nuair a theastaíonn sé le haghaidh cuspóirí gnó<br><br>Lorg soiléiriú ón deontóir áit ar gá – maidir le húsáid cistí, rialachas agus socruithe cuntasachta. | **Rialachas**<br><br>*Cinntigh go bhfuil socruithe oiriúnacha rialachais bunaithe le haghaidh:*<br><br>maoirseacht agus riar cistithe<br><br>rialú agus cosaint cistí ó mhí-úsáid, míleithreasú agus calaois<br><br>taifid chuntasaíochta ar féidir leo eolas airgeadais iontaofa maidir le cuspóir, cur i bhfeidhm agus iarmhéid fanta an chistithe phoiblí, a sholáthar am ar bith<br><br>Cuntasaíocht le haghaidh mhéid agus fhoinse an chistithe, a úsáid agus aschuir/torthaí. |
| **Luach ar Airgead**<br><br>*A bheith in ann fianaise a sholáthar maidir le*<br><br>úsáid éifeachtach cistí<br><br>luach bainte amach i gcur i bhfeidhm<br><br>cistí agus seachaint cur amú agus<br><br>diomailt | **Cothroime**<br><br>Cistí poiblí a bhainistiú leis an leibhéal is airde ionracais agus macántachta<br><br>Gníomhú ar bhealach a chomhlíonann leis na dlíthe agus oibleagáidí ábhartha (e.g. cáin, íosphánna)<br><br>Soláthair earraí agus seirbhísí ar bhealach cothrom agus trédhearcach<br><br>Gníomhaigh go cothrom, go freagrach agus go hoscailte nuair a bhíonn tú ag déileáil le do Dheontóir |